the arts council
an chomhairle ealaíon

An Cás don Éilíteachas

Emer O'Kelly

Luach na nEalaíon

the arts council
an chomhairle ealaíon

Réamhrá

Coimisiúnaíodh an staidéar darb ainm *An Pobal agus na hEalaíona (2006)* ag an gComhairle Ealaíon chun eolas a chur ar fáil ar iompar agus ar mheon reatha mhuintir na hÉireann i leith na nEalaíon.

Is léir ón staidéar go bhfuil meon an phobail i leith na nEalaíon thar a bheith dearfach agus tá na leibhéil tinrimh níos airde ná na gnáthleibhéil idirnáisiúnta. Nochtar patrúin reatha tinrimh, rannpháirtíochta agus ceannaigh, chomh maith le 'tomhaltas' príobháideach na n-ealaíon agus cultúir trí raon meáin atá ag méadú. Léirigh an staidéar chomh maith áfach roinnt fionnachtana atá frithráiteach de réir na cosúlachta – measann an pobal (de réir mar a léiríodh sna samplaí a tógadh ag an staidéar) go bhfuil na healaíona tábhachtach, fiú mura ndéanann siad freastal pearsanta ar imeachtaí ealaíon foirmiúla. Spreag sé seo machnamh ar na slite éagsúla inar féidir leis na healaíona tionchar a dhéanamh ar an saol laethúil, d'ainneoin a dhofheictheacht uaireanta.

De bhun an staidéir d'iarr an Chomhairle Ealaíon ar raon tráchtairí a gcuid tuairimí agus léargas a thabhairt ar *Luach na nEalaíon.* Tá sé mar aidhm ag na paimfléid seo plé a spreagadh agus aird a tharraingt ar an ról ríthábhachtach a d'fhéadfadh a bheith agus a bhíonn ag na healaíona ar ár saolta mar dhaoine aonair, mar bhaill de phobail ilghnéitheacha agus mar chuid den tsochaí i gcoitinne.

An Cás don Éilíteachas

Is é cuspóir na healaíne ná spioraid a ardú, na réimsí intleachta a leathnú agus an tsamhlaíocht a mhúscailt. Riamh anall, tá sé seo déanta chomh maith sin ag an ealaín is fearr go n-éilionn sí fós ár n-aird iomlán, go gcuireann sí alltacht orainn agus go bhfágann sí an anáil i mbarr an ghoib linn. Tá sí tar éis stangadh a bhaint as mórán glúinte. Sin agat éilíteachas na healaíne, an obair ar féidir linn ar fad aontú go bhfuil sí rúndiamharach agus iontach tarchéimnitheach; uaireanta ní bheadh mealltacht aici, ach ní féidir a hiontas a shéanadh. Ní féidir leis an gcuid is mó d'ealaín ach a bheith ag déanamh brionglóide ar éifeacht den chineál seo. Is féidir leis an gcuid eile a bheith sármhaith, an-éifeachtach, suaiteach, greanta, allabhrach, dúshlánach, anuas go dtí intuartha, athráite, agus ealaín atá seanchaite agus garbh. Ag leibhéil níos ísle, bíonn ealaín ina ábhar aighnis chomhaimseartha idir na daoine sin atá ag iarraidh saothair atá inaitheanta agus compordach agus daoine atá ag lorg dúshláin. Ach beagnach i gcónaí, is í an ealaín is dúshlánaí a mhaireann fós tar éis a ré féin. Tá na smaointe compordacha, éasca anois imithe agus caillte díreach mar a chaillfear agus a imeoidh, is dócha, smaointe an lae inniu. Ach leanann argóintí faoi nádúr an dúshláin: an bhfuil ealaín go maith díreach toisc go dtugann sí dúshlán do thuairimíocht reatha, agus más ea an leor í? Cén áit a luíonn an chothromaíocht idir dul chun cinn agus nádúr an éachta ealaíne?

Tá ceisteanna mar seo ag ealaíontóirí agus a gcuid lucht féachana leis na céadta bliain. Ach le blianta beaga anuas, tá amhras á chaitheamh ar bhailíocht na díospóireachta féin

san fhoirm is bunúsaí. Le rathúnas nua an domhain thiar, tá claonadh ann in iarthar na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe éileamh a dhéanamh go bhfuil féith an ealaíontóra san uile dhuine. Is cosúil go bhfuil an t-éileamh ag eascairt i bpáirt ón dúil atá ag daoine i ngné spioradálta ina saol laethúil mar go bhfuil cleachtadh reiligiúnda ag éileamh an-iomarca ar na creasa compoird leisciúla atá againn. Tá baint aige chomh maith leis an gcreideamh láidir sa chomhionannas, a easaontaíonn go láidir go n-áireofaí duine ar bith a bheith níos fearr ná duine ar bith eile. Thug glúinte roimhe seo meas d'ealaíontóirí mar dhaoine éilíteacha a bhí críonna, fiú amháin nuair nach raibh na healaíontóirí féin i mbarr a réime ó thaobh rachmais. Chuidigh a gcuid oibre linn breathnú ar rudaí ar bhealaí nua.

Ach anois tá an feabhas sa soláthar oideachais agus "foghlaim ar feadh an tsaoil", mar atá aithne air, tar éis sotal a chruthú maidir le gnóthachtáil. Moltar an obair atá táirgthe ag Grúpa Péintéala Seanóirí an oiread sin nach bhfeiceann duine ar bith riachtanas a bheith ann breathnú ar shaothar sa Ghaillearaí Náisiúnta, sa Mhúsaem Nua Ealaíne, nó sna gailearaithe tráchtála is fearr. Taibhíonn an Grúpa Drámaíochta Amaitéarach os comhair lucht féachana de chairde agus gaolta, agus airíonn gach duine ar dhá thaobh den chuirtín go bhfuil a gcuid riachtanas cultúrtha sásaithe. Tá sí éasca, taitneamhach, ní dhéanann sí aon éilimh, agus tá sí luachmhar go socheolaíoch. Ach ní ealaín atá i gceist; tugann sí díspreagadh go deimhin maidir le domhan na healaíne a fhiosrú. Ar an gcaoi sin, ní bhíonn san ealaín ach brainse de na seirbhísí sóisialta.

Níl ealaín éasca. Tá sí ansin do gach duine, ach tá iarracht ag teastáil agus ní gach duine atá sásta an iarracht sin a dhéanamh. Agus toisc go bhfuilimid tar éis teacht chun creidiúna (agus is cóir sin) go bhfuil ceart ag gach duine ar ghlóir na léirthuisceana ealaíne, is cosúil go bhfuil ré nua againn anois de chomhréiteach agus uachtaracht, in ealaín mar atá san oideachas. Má tá ealaín ró-dheacair, ró-chasta, ró-*dhifriúil,* do mhórlach na ndaoine, impímid mar sin go n-ísleofaí caighdeáin na léirthuisceana ar eagla go n-aireodh aon duine nach bhfuil sé/sí maith go leor. Tá léim na samhlaíochta scriosta ag dia na "rochtana don uile dhuine". Tá déagóirí ag iarraidh go léireodh gach rud ina saol a n-eispéireas féin; bhí déagóirí i gcónaí riamh mar seo: bímid leisciúil agus santach nuair atáimid óg den chuid is mó. Ach anois tá na daoine a sholáthraíonn eispéireas ealaíne do dhéagóirí ag dul i gclaonpháirt lena gcuid scóipe a chúngú go dtí íomhá scátháin a saoil féin. Níl aon spreagadh ann chun an tsamhlaíocht a mhúscailt. Ar an mbealach céanna, táimid ag glacadh le tionchar sriosach na haoise faisnéise san ealaín. Tá fórsa na teicneolaíochta chomh láidir sin agus ag athrú chomh tapaidh, go gcaithimid ar fad glacadh leis inár saolta oibre go dtosaíonn gach rud anois. Is cuimhin le daoine níos sine tráth nuair nárbh amhlaidh a bhí cúrsaí, agus tá dóchas éigin acu luach a leagan ar stair an tsaoil cultúrtha acu féin. Do gach duine faoi aois fiche cúig, tosaíonn an stair *ar fad* anois; tá díspeagadh acu don ré atá imithe, agus tugtar spreagadh dóibh sa díspeagadh seo, ó thaobh na healaíne agus na teicneolaíochta. Tá rud éigin in easnamh orthu dá bharr: níl aon chomhthéacs acu dá gceol nó dá n-amharcíomhánna, nó tuiscint ar bith ar leanúnachas na

héachta ealaíne. Níos mó ná rud ar bith eile, níl aon tuiscint ar phrintíseacht, nó tuiscint go bhfuil dúthracht riachtanach inti féin má tá rud ar bith le gnóthú. Fiú amháin do dhaoine níos sine, bíonn forlámhas ag nóisean na rannpháirtíochta go minic a thagann in áit ar ocras ar bith a bhaineann leis na saothair is fearr a fheiceáil nó a chloisteáil, agus dá réir ag leathnú ár gcuid ionchais.

Tá scáfar ag baint anois le soláthraithe ealaíne: tá éilimh thráchtála anois mar leithscéal acu chun saothair a sholáthar atá inaitheanta agus comónta. Tá aragóint ann go mbeidh an gailearaí nó téatar folamh mura mbíonn an ealaín fíorach nó má tá an dráma éagomónta. Sin gan moladh a dhéanamh gur chóir don léim dul go mór níos faide ná coincheap agus forstua. Ach tá fóirdheontais poiblí ag mórán soláthraithe, agus tá mí-úsáid á bhaint as an bhfóirdheontas leis an gcur chuige seo. Níl an fóirdheontas ann mar chrios chompord: tá dualgais oideachais aige chomh maith. Tá dualgais eile riachtanach leis chomh maith atá coitianta, a chuimsíonn margaíocht mar eilimint amháin. Toisc go bhfuil ionad ealaíne ábalta fanacht oscailte nuair nach dtagann aon duine chun dráma nó taispeántas a fheiceáil nó chun éisteacht le ceadal nó ceolchoirm chomh fada agus go bhfuil fóirdheontas acu, is minic dá bharr nach bhfuil lucht bainistíochta tar éis margaíocht a dhéanamh ar a gcuid oibre, nó ar obair na n-ealaíontóirí. Ní fheiceann siad iad féin mar ghníomhairí d'ealaíontóirí. Ach má aimsíonn siad fóirdheontas poiblí, sin go díreach atá iontu. Agus caithfidh siad an obair a sholáthar agus a mhargaíocht a leathnaíonn an tsamhlaíocht agus léirthuiscint, chomh dúthrachtach céanna agus a phéinteáiltear na tírdhreacha

áitiúla ó ghrianghraif. Tá áit d'obair mar seo, mar atá do dhrámaí John B. Keane a dhéanann an grúpa drámaíochta áitiúil a thaibhiú. Chomh fada agus go gcreideann daoine go bhfuil na heispéiris seo ar an gcéim is airde atá ar fáil, agus ar an bhfoirm ealaíne amháin atá fiúntach, ní féidir le healaín céim eile chun tosaigh a thógáil, agus tagann deireadh le próiseas na samhlaíochta.

Agus tá sé mar dhualgas ar an gComhairle Ealaíon a éileamh go bhfuil an meascán ag claonadh i dtreo na saothar is fearr nó is mó féidearthachtaí nuair a chaitheann siad airgead na gcáiníocóirí. Ciallaíonn sé seo go bhfuil athmheasúnú géar ag teastáil ar thionscadail a thagann faoi bhrat na Roinne Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh níos mó ná brat na Roinne Ealaíon, agus claonadh i bhfábhar na ndaoine atá chun tosaigh san ealaín is fearr, nó is mó féidearthachta. Tá dualgas ag an gComhairle Ealaíon don éilíteachas. Ní chiallaíonn sé seo go ndéanann siad daoine a eisiamh agus tacaíocht a thabhairt don réimse is fearr atá ann amháin. Caithfidh siad na saothair is fearr a fhógairt go glórmhar, agus a bhrú ar aghaidh sa chomhfhiosacht phoiblí chomh fiachmhar sin, ar bhealach a mhúsclóidh an tóir ar shaothair na catagóire is fearr agus a leathnóidh na teorainneacha samhlaíochta as cuimse. An dúshlán atá ann ná ár ndícheall a dhéanamh druidim i dtreo an phointe is fearr, agus ábharthacht an todhchaí agus na staire a shoiléiriú : traigéide Ghréigeach, Fra Angelico, Edward Bond agus Damien Hirst, Tom Murphy agus John Field. Mura n-éilímid go n-úsáidfear mar shamplaí iad seo, táimid ag dul i gclaonpháirt le bás na samhlaíochta agus ag laghdú an eispéiris ealaíne go roghbhlúire dár móimint féin inár n-áit féin.

An dúshlán atá ann ná áitiú ar dhoine gan a bheith eaglach roimh ghluaiseacht a théann níos faide ná crios chompord san ealaín. Tarlaíonn sé seo nuair a thugtar faoi deara go bhfuil drochealaín ann chomh le healaín mhaith. Ciallaíonn sé seo *go gcaithfidh* soláthraithe ealaíne agus oideoirí phroifisiúnta agus idirghabhálaithe a bheith ullamh an cinneadh seo a dhéanamh. Níor chóir go gciallódh spreagadh gluaiseacht i dtreo na staide meánaigh dóibh siúd gur inacmhainne dóibh céim in airde a thógáil, mar a tharlaíonn níos minicí ná a mhalairt. Níor chóir don Stát fóirdheontais a chur ar fáil do dhrochealaín nó drochealaíontóirí a thuilleadh níos mó ná fóirdheontais a sholáthar do dhrochscoileanna nó drochospidéil. Tá ealaín mar chaitheamh aimsire an-difriúil ón ealaíon mar phroifisiún. Is caitheamh aimsirí iad an grúpa péintéala agus an cumann drámaíochta amaitéarach; agus níl na daoine don chuid is mó, tiomanta do shaothrú na healaíne mar atá ealaíontóir proifisiúnta. 'Sí an rannpháirtíocht, níos mó ná an ealaín, atá tábhachtach. Bíonn ealaíontóirí i mbun ealaíne toisc nach féidir leo maireachtáil gan ealaín. Seo an sainmhíniú is cruinne gur féidir a thabhairt; bíonn siad i mbun ealaíne chomh maith mar *phroifisiún*. Más gá dóibh oibriú le rud éigin eile, bíonn an rud sin mar fhochuid do shaothrú na healaíne.

Ach fiú amháin lenár mbá d'ánas an ealaíontóra sa sochaí (agus do mhórán, is ánas atá sa chaigheán maireachtála atá acu), níor chóir dúinn tacú le healaín lagmheasa in ainmneacha an tsoláthraithe agus na rochtana. Níl na healaíona ann chun ainéistéisiú a dhéanamh ar dhaoine atá ag fulaingt toisc drochthithíocht, oideachas míshásúil, nó coimhthiú sóisialta. Is féidir le healaín na rudaí ar fad seo a

dhéanamh, ach tá sí níos bunúsaí ná sin; seachas í a úsáid mar bhindealán d'fhadhbanna an tsochaí, is féidir léi cuidiú chun na fadhbanna agus díobhálacha seo a chosc ar an gcéad dul síos. Ní féidir leis an méid seo tarlú, ach nuair a fheicimid go bhfuil sí bunúsach dár mbunluachanna. Níl sí infheicthe mar ghné atá bunúsach i láthair na huaire: cruthaíonn an toilteanas atá ann rathúnas tráchtála a chothromú le caighdeán san ealaín an pointe seo, mar a chruthaíonn an malairt scoile smaointeoireachta a chothromaíonn easpa rathúnais tráchtála le hardluach ealaíne. Tá an dá scoil seo sceabhach, agus cruthaíonn siad cé chomh fada lasmuigh dár mbunluachanna atá léirthuiscint ealaíne. Agus leanfaidh cúrsaí mar seo chomh fada agus atáimid ag streachailt le "módúl ealaíne" a chur ina luí ón taobh amuigh, ag dul sa tóir ar ghráduithe ealaíne trí leanúint níos mó ná ceannas a thógáil ar thuiscintí agus toighsí an phobail, agus go síoraí ag gannmheas dúil agus tuiscint an phobail. B'fhéidir go bhfuil sé eilíteach éileamh a dhéanamh agus meas a bheith ar an ealaín is fearr, agus locht a fháil leis an ealaín atá meánach. In Éirinn an lae inniu, is cinnte go meastar gur éilíteachas í seo. Agus tá níos mó éilíteachais mar seo ag teastáil roimh a thitimid ar chúl níos faide go cultas an fhéin-chomhghairdis. Ní thugann déine chriticiúil coimpléasc ísleachta náisiúnta le fios.

Emer O'Kelly, Meitheamh 2007

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Callsave 1850 392 492

e info@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie